

Caoineadh Uí Chadhain

Tráthnóna Dé Domhnaigh,
Sea fuair muid an scéala,
A d'fhág muid in éagmais
Ár gcroi istigh á chrá,
Bhí Máirtín Ó Cadhain
Anois tar éis séalú,
Is nár rí-mhór an scéal dhúinn
A chorp os cionn cláir.

Múinteoir is scríbhneoir,
Ollamh le Gaeilge,
Saighdiúir i ngéibheann,
Níor ghéill sé don cham;
Níor thréig sé an teanga,
Óir ghráigh sé an Ghaeltacht,
Ba dhuine againn féin é,
Bhí a ré anois thart.

Iompraíodh a chorp uasal
Ar ghuaillí na ndaoine,
Thrí phríomhshráid na tíre,
Bhí na mílte sa slua;
Stad: nóiméad ciúnais
In ómós na laochra,
An tsráid, bhí sí ag taoscadh
Le deora ón slua.

An scoláire a mhúin tú
Labhair sé go bríomhar,
Maidin fhuar gheimhridh,
Ag óráid cois uaighe;
Fear calma, fear díreach,
Le dúthracht is díogras,
Ba splanc é sa ngríosach,
Beidh a chuimhne go buan.

Leagamar síos thú
Sa gcré faoimar scríobh tú,
Do ghlór borb bríomhar
Ní chloisfear níos mó;
Ach beidh lorg do láimhe
Á léamh ar gach tinteán,
Is macalla do smaointe
Dár dtreorú ón uaigh.

JOE STEVE Ó NEACHTAIN,
ón leabhar "Fead Ghlaice"



*Tús na Seachtóidí,
Gormanstown
College, Cúrsa
Clubanna Óige.*

ó Chlé:
Stiofán Ó Braonáin,
Micí Sheáin Ó Conghaile,
Máirín Leainde,
Pádraig Ó Cadhain,
Síle Nic Lochlainn,
Tony Mullins,
?,
Máire Durcan,
Stiofán Ó Cualáin,
?,
Colm Ó Tuathail

CANON LYONS

(Sliocht as alt a scríobh an Ath. Micheál Ó Flannabhra, S.P.)

Rugadh Pat Lyons (Canon Lyons) i mBéal Átha hAmhnais sa mbliain 1811. D'fhreastal sé ar an scoil áitiúil agus ar Choláiste Naomh Iarfhlaitha, Tuaim ina dhiaidh sin. Ornaíodh ina shagart é san ArdEaglais i dTuaim sa mbliain 1839. Chaith sé dhá bhliain ina shéiplíneach thiar ar an gCeathrú Rua (1839-41), bliain i mBaile Liam (Teampal Tochair), (1841-42), agus bliain eile mar shéiplíneach i Baile An Mhuilinn.



Ina dhiaidh sin chaith sé ocht mbliana i Kilmeen, Baile Loch Riabhach, Co. na Gaillimhe agus sa bpobal sin thóg sé teach an tSagairt agus séipéal Naomh Iarfhlaitha i mBaile Dúgáin. Ghlac sé seilbh ar an bparóiste sin mar cheann de na paróistí beaga a bhain le Árd-dheoise Thuama. Bhí sé de cháil ar an bhfear go nglacfadh sé seilbh ar áit agus go mbuailfeadh sé branda úinéireachta ar a mbeadh seilbh glactha aige air. Tá a ainm scríofa ar leac ag doras an tséipéil sin agus tá roinnt dá ghaolta ansin fós.

Tháinig sé mar shagart paróiste go pobal an Chnoic sa mbliain 1851 agus chaith sé an chuid eile dá shaol - scór agus ceithre bliana déag - ar an gCnoc go bhfuair sé bás ar 11/10/1885 in aois a 74 bliain. Tá sé curtha faoin altóir i séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc agus tá a leac cuimhneacháin ar an mballa ann.

GNÍOMHACH

Bhí an tAth. Lyons gníomhach chomh maith i gcúrsaí tógála sa séipéal. Bhí séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc tógtha ó 1844 ach bhí seilbh glactha ag na Protastúnaigh ar sheanshéipéal na Tulaí nach raibh críochnaithe ag an am. Bhuail an sagart bóthar agus thug sé siar leis fir láidre ón Lochán agus ó Chor na Rón - dúiche an Choimínigh - go dtí An Tulach - dúiche na mBlácach - le seilbh a ghlacadh arís ar shéipéal na Tulaí agus lena raibh ann a dhíbirt as. Chuir sé cloigeann ar shéipéal na Tulaí le adhmaid ó shoitheach a briseadh ar an gcladach thiar. Sé Dia a sheol ina threo é agus osclaíodh séipéal na Tulaí sa mbliain 1874 do phobal an dá Spidéal - Spidéal Thuama agus Spidéal na Gaillimhe - mar atá scríofa sa leac taobh istigh den sacristy sa Séipéal nua. Chuir sé a chapall agus a charr féin mar dhuais i gcrannchur a d'eagraigh sé le fiacha an tSéipéil a ghlanadh.

DÚSHLÁN

Thug sé dúshlán do mhinistéir McCready a bhí gníomhach ag an am lena phota mór anraith. Bhí sé ina chogadh dhearg idir an bheirt agus b'fhiú na litreacha a scríobh an tAth. Lyons sa "Galway Mercury" in Aibreán 1854 a léamh. Sheas sé an fód. Níor ghéill sé orlach agus aisteach go leor tá an pota mór anraith a tharraing an trioblóid i seilbh an tséipéil ar an Tulach go dtí an lá atá inniú ann. Tá an talamh a fuair sé ag an am á úsáid fós ag an bpobal mar charrchlós ag séipéal an Chnoic agus mar pháirc imeartha ag na gasúir agus ag na Breathnaigh, Cumann Luathchleas Gael. Tá athógáil agus athnuachan á dhéanamh anois ar an obair a thosaigh sé ag seanscoil Sailearna agus ag seanscoil na Tulaí.